Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10345/22**

**SUSTDEV 110**
**ONU 85**
**EDUC 251**
**DEVGEN 124**
**ENV 622**
**AG 68**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9992/22 |
| Ábhar: | Ról claochlaitheach an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda mar uirlis ionstraimeach chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach<br>- Conclúidí ón gComhairle (21 Meitheamh 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le ról claochlaitheach an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda mar uirlis ionstraimeach chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, mar a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3885ú cruinniú a bhí aici an 21 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le ról claochlaitheach an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda mar uirlis ionstraimeach chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach**

Déanann comhairle an aontais eorpaigh an méid a leanas:

1. Athdhearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas Eorpach agus na Ballstáit tiomanta i gcónaí do chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), agus comhaontuithe agus ionstraimí móra iltaobhacha eile, lena n-áirítear Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí agus an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, a leanann de bheith mar threoir dá ngníomhaíochtaí, go hinmheánach agus go seachtrach araon. Tá siad i gcroílár chur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Chomhdhearcaidh Eorpaigh maidir le Forbairt.

2. Meabhraíonn sí na conclúidí uaithi i mí an Mheithimh 2017 'Todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais ar Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe', a conclúidí ó mhí Aibreáin 2019 'I dtreo Aontas níos inbhuanaithe faoi 2030', a conclúidí ó mhí na Nollag 2019 maidir le 'Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 – An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile', a Conclúidí ó mhí an Mheithimh 2021 'Cur chuige cuimsitheach chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe – Atógáil ar bhealach níos fearr ó ghéarchéim COVID-19', na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 chomh maith leis an gCreat Straitéiseach le haghaidh comhair Eorpaigh maidir le hoideachas agus oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus ina dhiaidh sin (2021-2030) agus athdhearbhaíonn sí na gealltanais atá iontu .

3. Thairis sin, cuireann sí i dtreis an tosaíocht chun SDG4 a shaothrú go comhpháirteach agus an tábhacht a bhaineann le rochtain uilíoch chothrom chuimsitheach ar oideachas agus ar oiliúint ar ardcháilíocht agus ar thimpeallachtaí foghlama sábháilte, lena n-áirítear i gcásanna éigeandála agus géarchéime, do gach leanbh agus don óige, lena n-áirítear cailíní agus mná chomh maith leis na daoine is leochailí agus is imeallaithe mar gheall ar bhochtaineacht, easáitiú nó breoiteacht, mar rannchuidiú le bonn níos láidre a chur ar fáil don fhorbairt inbhuanaithe, neamhionannais a laghdú, lena n-áirítear neamhionannais inscne, agus an bhearna dhigiteach a laghdú; I ndáil leis an méid sin, cuireann sí in iúl gur cúis imní di an cur isteach a rinneadh ar an oideachas mar gheall ar an bpaindéim agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé córais oideachais athléimneacha a fhorbairt lena gcuirfear bonneagar agus acmhainní leordhóthanacha ar fáil.

4. Cuireann sí i dtreis go bhfuil sé ríthábhachtach go méadófaí tacaíocht agus rannpháirtíocht níos leithne i measc shaoránaigh an Aontais chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach agus chun go ndéanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit Clár Oibre 2030 a bhaint amach; dá réir sin, cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh inniúlachtaí ag daoine aonair (lena gcuimsítear eolas, meoin scileanna agus luachanna) a bhfuil gá leo chun machnamh a dhéanamh ar a róil, roghanna comhfhiosacha a dhéanamh agus a bheith ina ngníomhaithe athraithe, ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile, chun sochaithe inbhuanaithe cuimsitheacha rathúla a fhorbairt.

5. Measann sí go bhfuil acmhainneacht shuntasach claochlaitheach ag an oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus ag an tsaoránacht dhomhanda ar ár sochaithe, ar fholláine, ar gheilleagair agus ar phatrúin tomhaltais agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé fíor-riachtanach chun Aontas agus domhan níos inbhuanaithe a bhaint amach. Dá réir sin, cuireann sí i bhfios go láidir a ról ríthábhachtach chun Clár Oibre 2030 ina iomláine a bhaint amach, mar chuid lárnach de SDG4 agus mar phríomhchumasóir do na SDGanna eile mar aon le spreagadh don nuálaíocht, don téarnamh, don athléimneacht agus do ghníomhaíocht chlaochlaitheach.

6. Léiríonn sí a tiomantas iomlán do chur i gcrích Sprioc 4.7 agus aithníonn sí a thábhachtaí atá an obair a rinne UNESCO faoi Chreat Oideachais 2030 le haghaidh Gníomhaíochta, agus Dearbhú Bheirlín maidir leis an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe lena n-áirítear an Treochlár maidir le hOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe, UNECE trína Straitéis don Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a chreat nuashonraithe le haghaidh gníomhaíochta, chomh maith le Comhairle na hEorpa, lena n-áirítear an Lárionad Thuaidh-Theas, trí uirlisí amhail an Creat Tagartha um Inniúlachtaí do Chultúr Daonlathach (RFCDC); meabhraíonn sí na cuspóirí i nDearbhú Oideachais Dhomhanda Maastricht agus sna Conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2010 maidir le hoideachas don fhorbairt inbhuanaithe, ar cuspóirí iad atá mar bhonn chun na conclúidí seo a fhorbairt.

7. Aithníonn sí an móiminteam leanúnach dearfach i ndáil leis an oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda san Eoraip, agus béim á leagan go háirithe ar na Conclúidí ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le rannpháirteachas a chothú i measc daoine óga mar éascaitheoirí don athrú ar mhaithe leis an gcomhshaol a chosaint agus an Moladh an 16 Meitheamh 2022 maidir le Foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe, lena gcumhdaítear príomhréimsí an Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe agus lena gcuirtear béim ar an ngá atá ann foghlaimeoirí a chumasú leis an eolas, na meoin scileanna agus na luachanna riachtanacha a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta amhail an t-athrú aeráide agus chun a bheith ina ngníomhaithe don athrú mar shaoránaigh fhreagracha dhomhanda; is díol sásaimh di freisin, i ndáil leis an méid sin, an próiseas leanúnach i dtreo Dearbhú Eorpach nua maidir leis an Oideachas Domhanda go 2050 faoi choimirce an Líonra Oideachais Dhomhanda (GENE) atá le tabhairt i gcrích i mí na Samhna 2022.

8. Measann sí gur dlúthchuid den Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus don tSaoránacht Dhomhanda iad na coincheapa Foghlaim don Inbhuanaitheacht Chomhshaoil, Foghlaim don aistriú glas, Oideachas don Fhorbairt agus Ardú Feasachta, Oideachas Domhanda (Saoránacht), Oideachas don tSaoránacht agus Dlúthpháirtíocht Idirnáisiúnta: cothaíonn siad sin forbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní uile, agus cosaint comhshaoil agus bithéagsúlachta agus cultúr na dlúthpháirtíochta, na síochána agus an neamhfhoréigneachta, na saoránachta domhanda, agus meas ar éagsúlacht chultúrtha agus ar rannchuidiú an chultúir le forbairt inbhuanaithe á gcur chun cinn ag an am céanna. Aithníonn sí, dá réir sin, a mhéid a chuidigh siad le Sprioc 4. 7, chomh maith le Sprioc 12.8 agus Sprioc 13.3 de Chlár Oibre 2030 a bhaint amach, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna d'éagsúlacht na samhlacha oideachais ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

9. Measann sí gur cheart aghaidh a thabhairt ar thrí cholún bhunúsacha den fhorbairt inbhuanaithe – ar bhealach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil - ar bhealach cothrom comhtháite leis an oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus don an tsaoránacht dhomhanda, agus béim ar leith á leagan ar idirnaisc agus ar shineirgí idir SDGanna, agus cuireann sí i dtreis gur cheart saincheisteanna leathana Chlár Oibre 2030, go háirithe an dea-rialachas, an smacht reachta, an daonlathas, agus institiúidí éifeachtacha agus cuntasacha, chomh maith le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní uile, a léiriú mar sin san oideachas le haghaidh na forbartha inbhuanaithe agus na saoránachta domhanda. Cuidíonn nádúr cuimsitheach an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda le príomhinniúlachtaí idirdhisciplíneacha a fhorbairt i measc foghlaimeoirí.

10. Measann sí freisin gur cheart an t-oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda a ionchorprú, i gcás inarb iomchuí, mar shraith de phrionsabail agus de luachanna bunúsacha, atá ábhartha go trasnach ar gach leibhéal den oideachas foirmiúil, seachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil agus i ngach ábhar oideachais, agus é mar phríomhchuspóir aige béim a leagan ar ardú feasachta, ar an smaointeoireacht chriticiúil, ar an nuálaíocht, ar an gcumas déileáil le hathruithe a thiocfaidh amach anseo, agus ar pheirspictíocht fhadtéarmach na freagrachta i leith na nglúnta atá le teacht mar a leagtar amach in GreenComp, an Creat nua Eorpach um Inniúlachtaí Inbhuanaitheachta.

11. Cuireann sí in iúl go láidir gur dlúthchuid de phróiseas na foghlama feadh saoil é an t-oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda, agus cuireann sí i bhfios go láidir rannchuidiú na foghlama neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta san oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda, agus go bhfuil institiúidí cultúrtha, lena n-áirítear na meáin, músaeim agus leabharlanna, chomh maith le húdaráis agus pobail áitiúla, an tsochaí shibhialta agus fostóirí, go léir ina bpríomhghníomhaithe i ndáil leis sin.

12. Cuireann sí i bhfios go láidir gur céim thábhachtach is ea inniúlachtaí a bhaineann le saincheisteanna inbhuanaitheachta a fhorbairt i measc státseirbhísigh d’fhonn cur le cumas na n-údarás poiblí Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme agus a áirithiú go ndéanfar na SFIanna a chomhtháthú a thuilleadh i mbeartais phoiblí agus i gcomhleanúnachas beartais.

13. Aithníonn sí nach mór leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga, chun an t-oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda a chur chun cinn, mar shampla trí acmhainní oideachais oscailte, tríd an eolaíocht oscailte agus trí uirlisí agus bonneagair ríomhfhoghlama, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna don ghá atá le tionchair chomhshaoil na dteicneolaíochtaí digiteacha a laghdú, cearta an duine a urramú go hiomlán, agus an fholláine dhigiteach a chosaint agus an deighilt dhigiteach a laghdú.

14. Cuireann sí in iúl go láidir gur cheart é a bheith d’aidhm ag pé iarrachtaí a dhéanfar chun oideachas a fhorbairt don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda teagmháil a dhéanamh leis na pobail uile, go háirithe le daoine óga, agus leo siúd atá sna staideanna is leochailí agus is imeallaithe, le daoine atá ina gcónaí i gceantair iargúlta agus tuaithe, an comhionannas inscne agus an neamh-idirdhealú a áirithiú agus bearnaí idir tíortha agus glúnta agus laistigh díobh a dhúnadh.

15. Cuireann sí i dtreis go láidir a thábhachtaí atá sé feasacht agus oideachas a chur ar fáil faoi shaincheisteanna forbartha inbhuanaithe i bpeirspictíocht dhomhanda, agus béim a leagan ar idirnascthacht na mórdhúshlán comhaimseartha ionas saoránacht ghníomhach dhomhanda a chothú a chuirfidh an ceartas domhanda chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar neamhionannais dhomhanda.

16. Is díol sásaimh di an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an Aontas ar son an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda, lena n-áirítear oideachas a chur ar fáil ar bhealach feabhsaithe don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda ag na Ballstáit ar gach leibhéal, comhar níos dlúithe idir aireachtaí agus gníomhaireachtaí náisiúnta, dearadh na bhfeithiclí agus na n-uirlisí iomchuí chun forbairt an oideachais oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda a éascú, agus comhordú feabhsaithe ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach.

17. Iarrann sí ar na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) dlús a chur le forbairt cur chuige straitéiseach náisiúnta a bheidh comhleanúnach, cuimsitheach agus comhordaithe agus tionscnaimh eile don oideachas don fhorbairt inbhuanaithe, don tsaoránacht dhomhanda agus do chláir oibre lena mbaineann, i gcomhréir le Sprioc SDG 4.7. Na beartais reatha a thabhairt cothrom le dáta, agus aird faoi leith á tabhairt ar an eolaíocht is déanaí, tacaíocht a fhormhéadú don éagsúlacht geallsealbhóirí a bhfuil baint acu le hoideachas don fhorbairt inbhuanaithe, do shaoránacht dhomhanda agus do chláir oibre lena mbaineann, tacaíocht a thabhairt agus forbairt a dhéanamh ar shineirgí agus ar chomhar idir institiúidí oideachais foirmiúla agus neamhfhoirmiúla;

b) tionscnaimh idir-aireachta, idirghníomhaireachta agus il-gheallsealbhóra a éascú, i gcomhréir le cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí;

c) an comhar idir na Ballstáit a neartú i réimse an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda, lena n-éascófar comhroinnt agus caipitliú breise dea-chleachtas, lena n-áirítear tríd an Líonra Oideachais Domhanda (GENE);

d) cuireadh a thabhairt do dhaoine óga atá ag gabháil do shaincheisteanna inbhuanaitheachta mar gheallsealbhóirí buana tábhachtacha páirt ghníomhach a ghlacadh mar chomhchruthaitheoirí i bhforbairt na mbeartas agus na gcuraclam oideachais.

18. Iarrann sí ar an gCoimisiún Eorpach leanúint de bheith ag tacú leis an oideachas don fhorbairt inbhuanaithe, don tsaoránacht dhomhanda agus do chláir ghaolmhara, lena n-áirítear foghlaim ar mhaithe le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, go háirithe tríd an gclár Erasmus+, tionscnaimh Team Europe, Clár LIFE agus clár DEAR i.e. Oideachas agus Múscailt Feasachta maidir le Forbairt. I ndáil leis sin, iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint lena mhachnamh i ndáil le rochtain níos leithne a fháil ar chistiú DEAR chun feabhas a chur ar thionchar an chláir.

19. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcur chuige de chuid Fhoireann na hEorpa, mar chuid dá n-iarrachtaí tacú le téarnamh inbhuanaithe atá ag teacht leis na SFIanna, feabhas a chur ar an gcomhar i réimse an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda, agus le cláir oibre ghaolmhara, lena n-áirítear foghlaim d'inbhuanaitheacht chomhshaoil, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta amhail Comhairle na hEorpa, UNESCO agus UNECE, chun an t-oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda a chur chun cinn i bhfóraim iltaobhacha agus in imeachtaí iltaobhacha, go háirithe an Fóram Ardleibhéil Polaitíochta um Fhorbairt Inbhuanaithe (HLPF), i gcomhréir leis an ról ríthábhachtach a sannadh don Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe i nDearbhú na Róimhe ó Cheannairí G20, agus chun tacú le neartú na nasc idir UNESCO agus ECOSOC, agus le comhtháthú leathan an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda i ngníomhaíochtaí chóras na Náisiún Aontaithe. I ndáil leis an méid sin, is deis mhór é an Cruinniú Mullaigh maidir le Claochlú an Oideachais, a bheidh á thionól ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2022 mar phríomhthionscnamh dár gClár Oibre Coiteann, chun dlús a chur leis an tiomantas domhanda ar son an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda, agus ba cheart go gcuirfí béim ar ról lárnach an oideachais do Chlár Oibre 2030 ina iomláine.

20. Is díol sásaimh di comhtháthú na foghlama le haghaidh na hinbhuanaitheachta agus nach mór d'earnáil an oideachais agus na hoiliúna freagairt ar spriocanna uileghabhálacha an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh i bpríomhbheartais chlaochlaitheacha an Aontais agus sna teachtaireachtaí ón gCoimisiún, amhail an Bauhaus Eorpach Nua, Erasmus+, an Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip, an Straitéis Eorpach d'Ollscoileanna agus an Limistéar Eorpach Oideachais, agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de chuíchóiriú an oideachais le haghaidh forbairt inbhuanaithe, saoránacht dhomhanda agus cláir ghaolmhara i ngach réimse ábhartha gníomhaíochta.

21. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcur chuige de chuid Fhoireann na hEorpa, faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an Aontais maidir leis an oideachas don fhorbairt inbhuanaithe, don tsaoránacht dhomhanda agus do chláir oibre lena mbaineann, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar an cur chun feidhme a fheabhsú ar bhonn leanúnach gan aon duine a fhágáil ar lár, córais mheasúnaithe a chur i bhfeidhm, ag úsáid uirlisí faireacháin atá ann cheana, nuair is iomchuí, agus dúbailt iarrachtaí agus oibleagáidí tuairiscithe á seachaint ag an am céanna, agus chun feabhas a chur ar thaighde ar mheastóireacht. Iarrann sí freisin ar an gCoimisiún leanúint den oideachas don fhorbairt inbhuanaithe, don tsaoránacht dhomhanda, agus do chláir oibre lena mbaineann a chur chun cinn go comhleanúnach agus go córasach, i gcomhréir le Sprioc 4.7 maidir le SFI *inter alia* trí thacú le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe, agus féachaint an bhféadfaí na táscairí do Sprioc 4.7 a áireamh i dtacar táscairí an Aontais i ndáil le SFI agus leis an oideachas.

22. Tacaíonn sí go hiomlán leis an bpróiseas atá ag teacht chun cinn i dtreo Dearbhú Eorpach nua maidir leis an Oideachas Domhanda san Eoraip go dtí 2050, lena gcuirfear leis an dul chun cinn atá déanta agus lena gcuirfear le borradh a chur faoin oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsaoránacht dhomhanda san Aontas Eorpach.